

An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2026
(OR. en, de, sk)

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0284 (COD)

10651/26
ADD 1

CODEC 1207
ENV 754
ENT 156
MI 653

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2019/1020 agus (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE (an chéad léamh) – Glacadh an ghnímh reachtaigh = Ráitis

D'iarr an Ghearmáin go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle

1. Dar leis an nGearmáin, ní leor na bearta atá beartaithe chun dul i ngleic leis an áit nach eol cá bhfuil feithiclí a leagtar amach sa chomhaontú tríthaobhach polaitiúil a bhaineann leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/858 agus 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE. Measann Poblacht Chónaidhme na Gearmáine nach bhfuil na rialacha atá i gceist éifeachtach go leor chun díchoimeáil neamhdhleathach nó onnmhairiú neamhdhleathach a laghdú.

Dá bhrí sin, athdhearbhaíonn an Ghearmáin a thábhachtaí atá an measúnú tionchair ar an áit nach eol cá bhfuil feithiclí, dá bhforáiltear sa Rialachán, agus na bearta a eascraíonn as sin, agus iarrann sí go ndéanfaí iad sin ag céim níos luaithe.

2. Ó thaobh na Gearmáine de, tá fadhbanna ag baint leis an gclásal scátháin atá sa chomhaontú tríthaobhach polaitiúil ó thaobh an bheartais trádála de, ós rud é gur ionstraim chosantach é lena gcruthaítear bacainní ar thrádáil. Dá bhrí sin, measann an Ghearmáin nach bhfuil an clásal sin iomchuí chun an chosaint is gá don mhargadh inmheánach a áirithiú. Ní fasach do reachtaíocht ná do chomhaontuithe saorthrádála amach anseo é an clásal scáthánach a áireamh sa Rialachán.

Dá bhrí sin, iarrann an Ghearmáin go ndéanfaí measúnú tionchair láithreach ar an gclásal scáthánach, lena n-áirítear maidir le himpleachtaí an bheartais trádála agus an dlí trádála, an tionchar ar thionscal an Aontais agus ar thríú tíortha, agus saincheisteanna cur chun feidhme.

D'ainneoin na n-ábhar inní sin, aontaíonn an Ghearmáin leis an togra comhréitigh ón uachtaránacht le haghaidh cur chuige ginearálta de mheon an chomhréitigh fhoriomláin.

D'iarr an Eastóin go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle

Is féidir leis an Eastóin tacú le téacs deiridh an rialacháin maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite (ELV). Mar sin féin, ba mhaith linn a athdhearbhú gur cúis inní dúinn freagracht leathnaithe táirgeora (EPR) in Airteagal 22.

Tugtar isteach leis an téacs oibleagáidí breise trasteorann do mhonaróirí, rud a d'fhéadfadh riosca íocaíochtaí dubailte a chruthú i gcás ina gcumhdaítear costais trí scéimeanna náisiúnta EPR agus tríd an sásra trasteorann araon. Is cúis inní dúinn i gcónaí go bhféadfadh ualach riaracháin méadaithe a bheith mar thoradh air sin, ós rud é go gceanglófaí ar mhonaróirí ionadaithe údaraithe a cheapadh i roinnt Ballstát agus comhlíonadh a léiriú trí shocruithe comhthreomhara.

B'fhearr leis an Eastóin réiteach a bheadh ailínithe níos dlúithe le prionsabail FLT atá bunaithe cheana féin, mar a léirítear i gCur Chuige Ginearálta na Comhairle. Leis an gcur chuige sin, chosnófaí ar bhealach níos fearr ar íocaíochtaí dubailte, laghdófaí an t-ualach riaracháin agus choinneofaí nasc níos soiléire idir freagracht an táirgeora agus feithiclí a chur ar an margadh.

Cé go dtacaímid leis an téacs foriomlán, cuirimid chun suntais fós go bhféadfadh dúshlán phraiticiúla shuntasacha a bheith ag baint le cur chun feidhme Airteagal 22 do na Ballstáit, do mhonaróirí agus do tháirgeoirí.

D'iarr an tSlóvaic go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle

Is díol sásaimh don tSlóvaic an rialachán sin, a mheasaimid a bheith ina chéim thábhachtach i dtreo an gheilleagair chiorclaigh a neartú agus creat dlíthiúil cuimsitheach a bhunú do shaolré iomlán feithiclí.

Mar sin féin, ba mhaith linn aird a tharraingt ar phointí áirithe a mbeadh tuilleadh plé ag teastáil ina leith, dar linn. Tá inní ar leith orainn faoi na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag na hoibleagáidí agus na sainmhínithe a tugadh isteach le déanaí, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le méadú ar an ualach riaracháin agus ar na costais d'oibreoirí eacnamaíocha.

Go háirithe, ba mhaith leis an tSlóvaic aird a tharraingt ar Airteagal 22 maidir leis an sásra leithdháilte costas trasteorann le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite. Is é ár dtuairim gur gá an sásra sin a shoiléiriú a thuilleadh chun cóir chomhionann agus cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú ar fud an Aontais, go háirithe maidir le gluaiseacht feithiclí idir na Ballstáit.

Sa chomhthéacs sin, chuirfimis i bhfios go láidir go bhfuil dlúthnasc idir feidhmiú éifeachtach an tsásra sin agus an creat rialála níos leithne lena rialaítear clárú, díchlárú agus aistrithe trasteorann feithiclí. Ní féidir aghaidh a thabhairt ar an ngné thrasteorann de bhainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite ina haonar agus is gá í a chomhchuibhiú le reachtaíocht iompair ábhartha eile. Go háirithe, measaimid go bhfuil sé bunriachtanach comhroinnt rianúil faisnéise agus rochtain ar bhunachair sonraí feithiclí sna Ballstáit a áirithiú, lena n-áirítear taifid chlárúcháin agus sonraí maidir le díchlárú. Dá bhrí sin, iarraimid ar an gCoimisiún a mheas an bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tacú le feidhmiú praiticiúil Airteagal 22 nó treoirlínte praiticiúla chun cabhrú leis na Ballstáit agus le hoibreoirí eacnamaíocha an sásra sin a chur chun feidhme go comhsheasmhach agus ar bhealach aonfhoirmeach.